Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13156/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2012/0231 (NLE)**

**TRANS 398**
**MAR 122**
**AVIATION 128**
**ESPACE 61**
**EU-GNSS 13**
**RELEX 1211**
**CH 46**
**AELE 87**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13452/12 + ADD 1; 13456/12 + ADD 1; 10505/13; 7818/25 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte<br>– Glacadh |

1. An 4 Meán Fómhair 2012, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte.

2. An dáta céanna, chuir an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhair faoi bhráid na Comhairle.

3. Tar éis an scrúdaithe a rinne an Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle[1] maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhair[2] an 23 Meán Fómhair 2013.

4. Tá an Comhaontú Comhair á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2014 agus tugadh na próisis daingniúcháin ag na Ballstáit chun críche an 20 Nollaig 2024.

5. Ina dhiaidh sin, scrúdaigh an Mheitheal an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích agus tháinig sí ar chomhaontú ina leith ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Márta 2025.

6. Ag eascairt as an gcomhaontú sin ag an Meitheal, chinn an Chomhairle an 13 Bealtaine 2025 an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích, mar a d'ullmhaigh seirbhís dlí agus teanga na Comhairle é, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil (7818/25). Ag an gcruinniú céanna, d'fhormheas an Chomhairle an leagan Gaeilge den Chomhaontú Comhair, nár foilsíodh roimhe sin (10505/13).

7. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe an 10 Meán Fómhair 2025.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Coreper a mholadh don Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in 7818/25 é, chomh maith le téacs an Chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 10505/13 é a ghlacadh, chun go bhféadfar an comhaontú a thabhairt i gcrích.

---

[1] IO L 15, 20.1.2014, lgh. 1 agus 2.
[2] IO L 15, 20.1.2014, lgh. 3-17.